CINNEADH (AE) 2022/1511 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meán Fómhair 2022

maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2022

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 6284)

(Is ag na téacsanna sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Laitvis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa tSlóivéinis a bheidh an t-údarás agus acu siúd amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/132/CE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena gcinntear raon feidhme Airteagal 143, pointí (b) agus (c), de Threoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúine ó cháin bhreisluacha ar allmhairiú deiridh earraí áirithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 53, an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim ([2]), agus go háirithe Airteagal 76, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2021/2313 ón gCoimisiún ([3]), deonaíodh, i leith Ballstáit áirithe, faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó cháin bhreisluacha ("CBL") maidir le hallmhairiú earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac, ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(2) An 15 Meitheamh 2022, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le cé acu an raibh nó nach raibh gá le síneadh a chur le bailíocht na mbeart a leagtar síos sa Chinneadh sin. Chuir an Bheilg, an Laitvia, an Ostair, an Phortaingéil agus an tSlóivéin ("na Ballstáit iarrthacha") isteach iarrataí chuige sin an 21 Meitheamh 2022.

(3) Bhí na hallmhairí arna ndéanamh chuig na Ballstáit iarrthacha faoi Chinneadh (AE) 2021/2313 tairbhiúil ó thaobh rochtain a thabhairt d'eagraíochtaí Stáit nó d'eagraíochtaí eile a d'fhormheas na húdaráis inniúla náisiúnta ar chógais leighis, trealamh leighis agus trealamh cosanta pearsanta is gá, a raibh ganntanas ann ina leith. Léiríonn staidreamh trádála le haghaidh na n-earraí sin go bhfuil na hallmhairí gaolmhara ag dul i laghad, ach go bhféadfaidh siad luainiú de réir éilimh nua ar earraí is gá chun paindéim COVID-19 a chomhrac. D'ainneoin an vacsaínithe atá ar siúl faoi láthair san Aontas agus roinnt beart a glacadh chun leathadh an víris a chosc, tá rioscaí don tsláinte phoiblí fós ag baint le líon ionfhabhtuithe COVID-19 sna Ballstáit iarrthacha. Ós rud é go go dtuairiscítear ganntanais maidir leis na hearraí is gá chun paindéim COVID-19 a chomhrac fós sna Ballstáit sin, is iomchuí faoiseamh a dheonú i leith dleachtanna ar allmhairí is inmhuirearaithe ar earraí arna n-allmhairiú chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 74 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus díolúine a dheonú maidir le CBL is inmhuirearaithe ar earraí arna n-allmhairiú chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 51 de Threoir 2009/132/CE.

([1]) IO L 292, 10.11.2009, lch. 5.
([2]) IO L 324, 10.12.2009, lch. 23.
([3]) Cinneadh (AE) 2021/2313 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 maidir le faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí agus díolúine ó CBL ar allmhairiú arna ndeonú le haghaidh earraí is gá chun éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac le linn 2022 (IO L 464, 28.12.2021, lch. 11).

(4) Ba cheart do na Ballstáit iarrthacha an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chineál agus faoi chainníochtaí na n-earraí éagsúla a ligtear isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin agus CBL d'fhonn éifeachtaí ráig COVID-19 a chomhrac, faoi na heagraíochtaí a d'fhormheas siad chun na hearraí sin a dháileadh nó a chur ar fáil agus faoi na bearta a rinneadh chun cosc a chur ar úsáid na n-earraí chun críoch eile seachas éifeachtaí na ráige sin a chomhrac.

(5) Agus na dúshláin a mheasann na Ballstáit iarrthacha a bheith rompu á gcur san áireamh, ba cheart faoiseamh ó dhleachtanna allmhairiúcháin agus díolúine ó CBL a dheonú i leith allmhairí a dhéantar ón 1 Iúil 2022. Ba cheart an faoiseamh a bheith i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022.

(6) An 22 Iúil 2022, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 76, an chéad mhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus i gcomhréir le hAirteagal 53, an chead mhír, de Threoir 2009/132/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ligfear earraí isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus beidh siad díolmhaithe ó cháin bhreisluacha (CBL) ar na hallmhairí de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2009/132/CE, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí beartaithe d'aon cheann díobh seo a leanas:

(i) dáiltear iad saor in aisce ag na comhlachtaí agus ag na heagraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) ar dhaoine a ndéanann COVID-19 difear dóibh nó atá i mbaol ó COVID-19 nó a bhfuil baint acu le ráig COVID-19 a chomhrac;

(ii) cuirtear ar fáil saor in aisce iad do na daoine a ndéanann COVID-19 difear dóibh nó atá i mbaol ó COVID-19 nó a bhfuil baint acu le ráig COVID-19 a chomhrac agus iad fós ina maoin de chuid na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c);

(b) comhlíonann na hearraí na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 75, 78, 79 agus 80 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus Airteagail 52, 55, 56 agus 57 de Threoir 2009/132/CE;

(c) allmhairítear na hearraí chuig an mBeilg, chuig an Laitvia, chuig an Ostair, chuig an bPortaingéil nó chuig an tSlóivéin ("na Ballstáit iarrthacha") lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta ag eagraíochtaí Stáit, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí eile arna rialú leis an dlí poiblí nó thar a gceann nó ag eagraíochtaí arna bhformheas ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit sin nó thar a gceann.

2. Ligfear earraí isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus déanfar iad a dhíolmhú ó CBL ar allmhairí de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), de Threoir 2009/132/CE, i gcás ina n-allmhairítear iad lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ag gníomhaireachtaí fóirithinte tubaistí nó thar a gceann chun freastal ar a riachtanais le linn na tréimhse ina soláthraíonn siad faoiseamh tubaiste do dhaoine a ndéanann COVID-19 difear dóibh nó atá i mbaol ó COVID-19 nó a bhfuil baint acu le ráig COVID-19 a chomhrac.

Airteagal 2

1. Cuirfidh na Ballstáit iarrthacha faisnéis in iúl don Choimisiún maidir le cineál agus cainníochtaí na n-earraí éagsúla a ligtear isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin agus CBL de bhun Airteagal 1, gach 2 mhí ar an 15u lá den mhí i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe.

2. Faoin 31 Márta 2023 ar a dhéanaí, cuirfidh gach Ballstát iarrthach an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún:

(a) liosta de na heagraíochtaí a d'fhormheas na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrthach ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (c);

(b) an fhaisnéis chomhdhlúite seo a leanas maidir le cineál agus cainníochtaí na n-earraí éagsúla a ligtear isteach saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin agus CBL de bhun Airteagal 1:

(i) uimhir an dearbhaithe custaim;

(ii) dáta glactha;

(iii) cód Ainmníochta Comhcheangailte;

(iv) cód Tharaif Chomhtháite na gComhphobal Eorpach (TARIC);

(v) glanmhais;

(vi) aonad forlíontach, más infheidhme;

(vii) luach na n-earraí;

(viii) ráta dleachta;

(ix) ráta CBL;

(x) méid na ndleachtanna agus CBL neamhbhailithe;

(xi) tionscnamh earraí;

(xii) teidil comhlachtaí agus eagraíochtaí dílseánaigh dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (c), i ndáil le hearraí a chuirtear ar fáil saor in aisce do dhaoine a ndéanann COVID-19 difear dóibh nó atá i mbaol ó COVID-19 nó a bhfuil baint acu le ráig COVID-19 a chomhrac;

(c) bearta arna ndéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagail 78, 79 agus 80 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 agus Airteagail 55, 56 agus 57 de Threoir 2009/132/CE;

(d) i gcás inarb iomchuí, na bearta bainistithe agus rialaithe riosca arna ndéanamh ag an mBallstát iarrthach, dá bhforáiltear le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), maidir leis na hearraí a thagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le hallmhairí arna ndéanamh chuig na Ballstáit iarrthacha ón 1 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Laitvia, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile agus Poblacht na Slóivéine.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Paolo GENTILONI
Comhalta den Choimisiún

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).